

Ceacht Péinte agus Dathanna le Ranganna 5 go dtí 6 'Súil ghéar ar Thorthaí' Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Péint agus Dath (Curaclam Amharcealaíona Ich. 68)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Péinteáil ó bhreathnú (Ich. 68) Eirí eolach faoi dhifriochtaí caolchúiseacha agus éagsúlachtaí tuine i nithe nádúrtha agus saorga (Ich. 68)</i>
<u>Nasc:</u>	Líníocht > Líníocht ó bhreathnú (Ich. 68) Fabraic agus Snáithín > Píosaí beaga airgtheacha a dhéanamh i bhfabraic agus snáithín (Ich. 76)
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	Matamaitic: <i>Airíonna ciorcail a aithint (Ich. 98)</i> SPHE: <i>Freagracht phearsanta áirithe a aithint agus a ghlacadh maidir le roghanna ciallmhara bia agus glacadh le cothú sláintiúil cothrom (Ich. 57)</i> Eolaíocht: <i>Tuiscint shimplí faoi bhia agus faoi bheathú a fhorbairt (Ich. 83)</i>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ábhair Riachtanacha: Páipéar
Pailéid
Pailéid nó plátaí breise, chun dathanna a mheascadh
Péint Ghorm (ultramairín, cian), dhearg (flanndearg, corcardhearg, bhuí (cadmiam, ócar) bhán agus dhubh
Soithigh uisce
Scuabanna éagsúla
Gloiní méadaithe
Ceirteacha J-cloth
Bailiúchán torthaí, m.sh. kiwi, trátaí, fioganna, oráistí gearrtha trína lár.

Spreagadh: “Féach go géar ar na torthaí. Cad iad na dathanna a fheiceann tú? Cad iad na tuinte datha a fheiceann tú? Cad iad na cruthanna agus na patrúin a fheiceann tú? An bhfuil uigeachtaí ar bith ann? Usáid na gloiní méadaithe chun breathnú go fíorghéar orthu”.

Gníomhaíocht: Tar éis amharc go han-ghéar ar na torthaí, roghnaíonn na leanaí píosa agus déanann a bpéintéireacht. Spreag iad chun na dathanna a mheascadh go dílis le dathanna na dtorthaí. Spreag iad chun amharc go géar ar na patrúin atá cruthaithe ag na síolta sna torthaí. B’fhéidir gur mhaith leo go leor staidéir a dhéanamh ar na torthaí. Nuair a bhíonn a bpéintéireachtaí críochnaithe ag na leanaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpéintéireachtaí a phlé. Taitneoidh sé leo míniú a thabhairt faoin raon agus faoi na tuinte dathanna a chruthaigh siad trí na príomhdhathanna a mheascadh. Is féidir é seo a dhéanamh le ‘Cathaoir an Ealaíontóra’ mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid péintéireachtaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Cuir péintéireachtaí na leanaí ar taispeánt sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt do phéintéireachtaí ar nós ‘Ábhar Neamhbheo le Ciseán’ le Paul Cézanne, ‘Ábhar Neamhbheo’ le Gustave Courbet agus ‘Fómhar’ le Giuseppe Arcimboldo.

Gníomhaíochtaí breise:

Féadfaidh na leanaí an cleachtadh seo a dhéanamh arís, ag péinteáil ar pháipéar daite in áit an pháipéir bháin, agus bheadh na péintéireachtaí níos drámatúla. D'fhéadfadh siad chomh maith péintéireachtaí a dhéanamh de na torthaí iomlána in eagar mar 'Ábhar Neamhbheo'.

Féidearthachtaí TCF:

D'fhéadfadh na leanaí Dánlann Fíorúil a dhéanamh dá bpéintéireachtaí nó dá bpriontaí trí iad a scanáil agus taispeántas sleamhnán a dhéanamh astu ar ríomhaire an ranga. (D'fhéadfaí iad a ghlacadh le ceamara digiteach freisin agus iad a ionsá san fheidhmchlár Power Point).

An DVD Is Ealaíontóir Mé**a Úsáid**

Tugann na cláir *Péint agus Dath* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag plé dathanna agus a dtuairimí faoi iad a mheascadh.

Nóta:

Is maith an smaoineamh é bailiúchán scuabanna de mhéideanna éagsúla a bheith agat. Bhí an rogha teaghlaigh atá ar fáil i siopaí € an-áisiúil dar liom féin mar go bhfuil raon méide ó 1" go 3" acu agus iad an-saor, timpeall €3 ar phaca 3 nó 4. Má thugann tú aire dóibh mairfidh siad i bhfad.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Giuseppe Arcimboldo
Paul Cézanne
Ealaíontóirí eile atá ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Suíomh idirghníomhach (*Cézanne's Astonishing Apples*) mar ar féidir le leanaí amharc go géar ar phéintéireacht ábhar neamhbheo le Cézanne, foghlaim faoi Cézanne agus cuid de na gníomhaíochtaí atá molta a thriail.
http://www.metmuseum.org/explore/cezannes_apples/splash.html

Ábhar Neamhbheo le Gustave Courbet
<http://www.galilean-library.org/images/david/courbet98.jpg>

Ábhar Neamhbheo le Ciseán le Paul Cézanne
<http://www.galilean-library.org/images/david/Still%20Life%20with%20Basket.jpg>

Fómhar le Giuseppe Arcimboldo
<http://sunsite.dk/cgfa/a/p%2Darcimboldo2.htm>